

AN CÁS

Dlí coiriúil - dúnorgain - actus reus - slabhra cúisíochta - beart leanúnach amháin

Sa Chúirt Achomhairc Choiriúil - An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v de Paor

Is mic léinn de chuid Choláiste Mhaigh Eo d'Ollscoil Náisiúnta na hÉireann iad Seán de Paor agus Micheál Ó Conchubhair. Is amhlaidh a bhí Séan ag déanamh bulaíochta ar Mhicheál. Tharla, lá amháin, go raibh Micheál ag siúl suas staighre. Bhí Séan ag ceann an staighre seo agus bhagair sé a dhorn ar an bhfear a bhí ag teacht aníos. Tháinig eagla agus líonrith ar Mhicheál, gur thit sé síos an staighre. Bhuail sé a cheann ar na céimeanna. Fágadh gan aithne gan urlabhra é agus tugadh chun na hotharlainne faoi dheifir é.

Ar an mbealach chun na hotharlainne thug Sorcha Ní Cheallaigh, duine den fhoireann liachta, faoi deara go raibh suaitheantas rabhaidh á chaitheamh ag Seán chun a thabhairt le fios go raibh diabéiteas air. Rinne Sorcha neamhaird de sin, mar is gortú cloiginn a bhain don othar, agus is mar gheall air sin a bhí cóir leighis á cur air. Rinneadh tástáil ar Mhicheál i ndiaidh dó an otharlann a bhaint amach agus fuarthas amach go raibh sé i gcóma hipiglicéimeach. Níor tháinig sé as an gcóma sin riamh.

Ina thuairisc siúd rinne an Cróinéir cáineadh láidir ar Shorcha, ag tabhairt le fios gur chóir di gníomhú nuair a chonaic sí an suaitheantas rabhaidh.

Cuireadh dúnorgain i leith Sheáin de Paor.

Le linn na trialach, mhaígh Seán go raibh briseadh sa slabhra cúisíochta.

Dhiúltaigh an Breitheamh Ó Lúnaigh don phléadáil sin agus rialaigh nach raibh an méid a rinne Sorcha ina novus actus interveniens.

Fuarthas ciontach Seán de Paor i ndeireadh na trialach.

Tá an breithiúnas á achomharc aige ar dhá fhoras:

- (1) Níor ghníomhaigh sé le hintinn choiriúil ná ní dhearna sé aon ghníomh contúirteach.
- (2) Tá rialú novus actus interveniens an Bhreithimh Uí Lúnaigh mícheart ó thaobh an dlí de.

Foclóir:

cóma hipiglicéimeach – hypoglycaemic coma

dúnorgain – manslaughter

slabhra cúisíochta – chain of causation

suaitheanteas rabhaidh – medic-alert medallion